# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1537 ÓN gCOIMISIÚN

**an 25 Iúil 2023**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh i ndáil le húsáid táirgí cosanta plandaí a bheidh le tarchur le haghaidh na bliana tagartha 2026 le linn an chórais idirthréimhsigh 2025-2027 agus a mhéid a bhaineann le staidreamh i ndáil le táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 4(6), 5(10), 9(4) agus 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2379 bunaítear creat comhtháite chun staidreamh Eorpach, a mhéid a bhaineann le hionchur agus aschur talmhaíochta.

(2) Tá feidhm ag rialacha idirthréimhseacha maidir leis an topaic mhionsonraithe, úsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht, do na blianta 2025, 2026 agus 2027, mar a leagtar síos in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2022/2379. Faoi na rialacha sin, níl sonraí maidir leis na húsáidí le seoladh ach aon uair amháin, le haghaidh na bliana tagartha 2026.

(3) Ba cheart staidreamh maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh a bhailiú go bliantúil ón mbliain tagartha 2025 ar aghaidh.

(4) Is gá na ceanglais maidir le sonraí a shonrú chun staidreamh a tháirgeadh maidir le hionchur agus aschur talmhaíochta a mhéid a bhaineann le táirgí cosanta plandaí chun sonraí inchomparáide a sholáthar idir na Ballstáit agus chun comhchuibhiú a bhaint amach.

(5) Le Rialachán (AE) 2022/2379 suitear go bhfuil sonraí staidrimh lena gcumhdaítear gné an táirgthe orgánaigh fíor-riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach a fhorbairt san Aontas. Is cuid thábhachtach de na sonraí sin é táirgí cosanta plandaí a úsáid i dtáirgeadh orgánach.

(6) De bhun Airteagal 5(10) de Rialachán (AE) 2022/2379, sonraítear leis an Rialachán seo gnéithe teicniúla na sonraí atá le soláthar. Is éard atá sna heilimintí sin liosta na n-athróg, tuairiscí ar na hathróga, na haonaid bhreathnóireachta, na ceanglais bheachtais atá le cur i bhfeidhm, na rialacha modheolaíochta atá le cur i bhfeidhm, agus na sprioc-amanna chun na sonraí a tharchur.

(7) Ba cheart cumhdach na dtacar sonraí a shonrú thar na ceanglais in Airteagal 4(1) agus 4(5) de Rialachán (AE) 2022/2379, i gcás inarb iomchuí, chun neamhréireachtaí idir na Ballstáit a sheachaint. Is gá, go háirithe, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2022/2379, de mhaolú ar Airteagal 4(5), pointe (b), liosta coiteann barr a shonrú do na Ballstáit uile chun faisnéis a sholáthar maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí. Leis an liosta, mar aon le féarthailte buana, ba cheart 75 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear ar leibhéal an Aontais a chumhdach. Is féidir leis na Ballstáit an liosta sin a chomhlánú le barra atá ábhartha go náisiúnta.

(8) Ba cheart na tréimhsí tagartha a luaitear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2022/2379 a shonrú a thuilleadh.

(9) Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar chumhdach na dtacar sonraí chun staidreamh maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí le haghaidh cóireáil síolta agus stórála a chur san áireamh a luaithe a mheastar é a bheith indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de.

([1]) IO L 315, 7.12.2022, lch. 1.

(10) Chun an staidreamh maidir le táirgí cosanta plandaí a choimeád comhsheasmhach le nuashonruithe tráthrialta ar liosta na substaintí gníomhacha formheasta, ní mór iad a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([2]).

(11) Tá gá le staidreamh maidir le táirgí cosanta plandaí chun faireachán a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar na beartais ábhartha lena dtacaítear le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, amhail na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus an Comhaontú Glas, agus a spriocanna gaolmhara.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ceanglais maidir le sonraí**

(1) Soláthróidh na Ballstáit sonraí i réimse an staidrimh maidir le táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2022/2379 i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe.

(2) Cumhdófar leis an staidreamh an méid seo a leanas:

(a) gach substaint ghníomhach mar a shonraítear i bpointí (i) agus (ii) den Airteagal seo agus atá sna táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh de réir bhrí Airteagal 3, pointe 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lena n-áirítear na substaintí sin a chuirtear ar an margadh faoi chead trádála comhthreomhaire dá dtagraítear in Airteagal 52 den Rialachán sin:

 (i) na substaintí gníomhacha a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011;

 (ii) na substaintí gníomhacha atá i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh i staideanna éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, seachas na substaintí sin dá dtagraítear i bpointe (i), agus gan beann ar a stádas formheasa;

(b) úsáid na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a) ag úsáideoirí gairmiúla sa talmhaíocht.

(3) Tarchuirfear na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) ar an leibhéal náisiúnta.

*Airteagal 2*

**Tacair sonraí**

(1) Sonraítear inneachar sonraí na dtacar sonraí in Iarscríbhinn I do na topaicí mionsonraithe

(1) Táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh;

(2) Úsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht.

---

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

(2) Le haghaidh gach tacair sonraí, sonraítear an méid seo a leanas i Roinn I in Iarscríbhinn I:

(1) tuairisc ar an inneachar sonraí;

(2) na hathróga atá le soláthar maidir le táirgeadh orgánach;

(3) na sprioc-amanna i gcomhair tharchur na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat);

(4) na tréimhsí tagartha;

(5) na haonaid tomhais.

(3) Le haghaidh gach tacair sonraí, sonraítear an méid seo a leanas i Roinn II in Iarscríbhinn I, i gcás inarb iomchuí:

(1) tuairisc ar na haonaid tomhais;

(2) ceanglais theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na hathróga.

*Airteagal 3*

**Ceanglais cháilíochta**

Nuair a bhaileofar sonraí bunaithe ar shamplaí staidrimh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na torthaí ualaithe ionadaíoch ar an daonra staidrimh laistigh den aonad geografach ábhartha. I gcás nach bhfuil ceanglais bheachtais infheidhme, mar shampla mar gheall ar fhoinsí seachas suirbhéanna staidrimh, déanfar cáilíocht an staidrimh a áirithiú ar mhodhanna eile ionas go mbeidh siad ionadaíoch ar an raon feidhme a dtugann siad tuairisc air, agus comhlíonfaidh siad na critéir cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

*Airteagal 4*

**Aicmithe**

Déanfar na substaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a thuairisciú trí úsáid a bhaint as an aicmiú a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 5*

**Tuairiscí**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na tuairiscí ar théarmaí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III iad.

*Airteagal 6*

**Córas idirthréimhseach**

Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir leis na tréimhsí tagartha 2025-2027. Ní bheidh feidhm ag rialacha an chórais idirthréimhsigh a bhunaítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2022/2379 don tréimhse 2025-2027 ach amháin maidir le sonraí faoin topaic mhionsonraithe, úsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**TACAR SONRAÍ 1**

**Táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh**

| | | |
|---|---|---|
| Réimse: | e. | Staidreamh ar tháirgí cosanta plandaí |
| Topaic: | i. | Táirgí cosanta plandaí |
| Topaic mhionsonraithe: | i.1 | Táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh |

*ROINN I*

***Inneachar sonraí***

Cumhdófar leis na sonraí na substaintí gníomhacha go léir i ngach táirge cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh sna Ballstáit le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear na substaintí sin a chuirtear ar an margadh faoi chead trádála comhthreomhaire ([1]) agus/nó faoi údaruithe éigeandála ([2]).

| Catagóirí táirgí cosanta plandaí | Sprioc-am |
|---|---|
| | An 31 Nollaig bliain N+1 |
| Substaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh, iomlán | Q |

| | |
|---|---|
| N: | An bhliain dá dtagraíonn na sonraí |
| Q: | Cainníocht na substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh (kg) |
| Tréimhse thagartha: | Bliain féilire |
| Tréimhsiúlacht: | Bliantúil |
| Leibhéal geografach: | Náisiúnta |

*ROINN II*

***Tuairisc ar na haonaid tomhais***

**Cainníocht na substaintí gníomhacha:** is é sin cainníocht na substaintí gníomhacha sna táirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(a).

**Ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga**

Déanfar na sonraí a dtugtar tuairisc orthu sa tábla thuas a tharchur: de réir substaint ghníomhach aonair, de réir aicmí ceimiceacha, de réir catagóirí táirgí agus de réir mórghrúpaí, mar a léirítear in Iarscríbhinn II.

**TACAR SONRAÍ 2**

**Úsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht**

| | | |
|---|---|---|
| Réimse: | e. | Staidreamh ar tháirgí cosanta plandaí |
| Topaic: | i. | Táirgí cosanta plandaí |
| Topaic mhionsonraithe: | i.2 | Úsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht |

([1]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 52 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
([2]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

*ROINN I*

## ***Inneachar sonraí***

Cumhdófar leis na sonraí na limistéir barr don liosta coiteann barr, ar ghabháltais talmhaíochta sna Ballstáit, a chóireáiltear le táirgí cosanta plandaí, agus cainníochtaí na substaintí gníomhacha uile a úsáidtear le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear faoi údaruithe éigeandála ([3]).

| **Saintréithe barr** | **Sprioc-am** | |
|---|---|---|
| | **An 31 Nollaig bliain N+1** | |
| | **Limistéar atá faoi chóireáil** | **Cainníocht na substainte gníomhaí** |
| Cruithneacht bhog agus speilt | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Cruithneacht chrua (dúram) | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Eorna | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Grán buí agus meascán coba arbhair Indiaigh | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Arbhar Indiach glas | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Síolta ráibe agus síolta ráibe tornapa | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Síol lus na gréine | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl) | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Biatas siúcra (seachas síol) | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Úlla | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Fíonchaora le haghaidh fíona | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Fíonchaora boird | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Oráistí | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Ológa | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Cabáistí | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Cairéid | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Oinniúin | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Trátaí amuigh | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Trátaí faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Sútha talún amuigh | NAT, OAT | NQS, OQS |
| Sútha talún faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | NAT, OAT | NQS, OQS |

| | |
|---|---|
| N: | An bhliain dá dtagraíonn na sonraí |
| NAT: | Limistéar neamhorgánach atá faoi chóireáil (ha) |
| OAT: | Limistéar orgánach (limistéar atá á thiontú agus limistéar deimhnithe) atá faoi chóireáil (ha) |
| NQS: | Cainníocht na substaintí gníomhacha uile a úsáidtear ar limistéar neamhorgánach (kg) |
| OQS: | Cainníocht na substaintí gníomhacha go léir a úsáidtear ar limistéar orgánach (limistéar atá á thiontú agus limistéar deimhnithe) (kg) |

([3]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

| | |
|---|---|
| Tréimhse thagartha: | Bliain an fhómhair |
| Tréimhsiúlacht: | 2026 |
| Leibhéal geografach: | Náisiúnta |

*ROINN II*

***Tuairisc ar na haonaid tomhais***

**Limistéar atá faoi chóireáil** (ha): is é sin limistéar fisiciúil an bhairr atá le sábháil, i mbliain an fhómhair, a chóireáiltear uair amháin ar a laghad le linn na tréimhse tagartha le substaint ghníomhach ar leith a aicmítear mar a léirítear in Iarscríbhinn II, go neamhspleách ar an líon uaireanta a cuireadh an tsubstaint ar an limistéar.

**Limistéar neamhorgánach atá faoi chóireáil** (ha): is é sin limistéar atá faoi chóireáil, seachas limistéir atá deimhnithe mar limistéir orgánacha nó limistéir atá á dtiontú.

**Limistéar orgánach atá faoi chóireáil** (ha): is é sin limistéar atá faoi chóireáil agus a dheimhnítear a bheith orgánach nó atá á thiontú de réir Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

**Cainníocht na substainte gníomhaí** (kg): is é sin méid gach ceann de na substaintí gníomhacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(a), a aicmítear mar a léirítear in Iarscríbhinn II, a úsáidtear ar an mbarr le linn na tréimhse tagartha.

**An chainníocht a úsáidtear ar limistéar neamhorgánach** (kg): is é sin an méid substaintí gníomhacha a úsáidtear ar bharra a shábháiltear ó limistéir neamhorgánacha.

**An chainníocht a úsáidtear ar limistéar orgánach** (kg): is é sin an méid substaintí gníomhacha a úsáidtear ar bharra ó limistéir orgánacha (atá deimhnithe mar limistéir orgánacha nó limistéir atá á dtiontú).

**Ceanglais theicniúla a bhaineann leis na hathróga**

Déanfar na sonraí a dtugtar tuairisc orthu sa tábla thuas a tharchur: de réir substaint ghníomhach aonair, de réir aicmí ceimiceacha, de réir catagóirí táirgí agus de réir mórghrúpaí, mar a léirítear in Iarscríbhinn II.

Cumhdófar leis na sonraí na substaintí gníomhacha uile sna táirgí cosanta plandaí uile a úsáidtear sna Ballstáit le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear faoi údaruithe éigeandála. Áireofar leis na sonraí gach cóireáil ó chur/ó phlandú go deireadh an fhómhair.

Baileofar na sonraí maidir leis an limistéar atá faoi chóireáil ar bhealach lena bhféadfar na sonraí limistéir agus cainníochta de réir bairr (gan comhaireamh dúbailte) a bheith ar fáil freisin ar leibhéal an chomhiomlánaithe in aicmí ceimiceacha, i gcatagóirí táirgí agus i mórghrúpaí.

Áireofar leis na sonraí na substaintí gníomhacha uile i ngach táirge cosanta plandaí a úsáidtear ar ghabhháltais talmhaíochta (ní chuirtear san áireamh a n-úsáid i saoráidí stórála agus chun síolta a chur).

---

([4]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN II*

**AICMIÚ SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA A ÁIRÍTEAR SNA TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ**

| Mórghrúpaí | Catagóirí táirgí | Aicmí ceimiceacha [1] |
|---|---|---|
| **Iomlán na substaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí** | | |
| Fungaicídí agus baictéiricídí | | |
| | Fungaicídí neamhorgánacha | |
| | | Comhdhúile copair |
| | | Sulfar neamhorgánach |
| | | Fungaicídí neamhorgánacha eile |
| | Fungaicídí bunaithe ar charbamáítí agus ar dhéthiacarbamáítí | |
| | | Fungaicídí carbanaláite |
| | | Fungaicídí carbamáite |
| | | Fungaicídí déthiacarbamáite |
| | | Fungaicídí eile bunaithe ar charbamáítí agus ar dhéthiacarbamáítí |
| | Fungaicídí bunaithe ar bheinsimíodasóil | |
| | | Fungaicídí beinsimíodasóil |
| | | Fungaicídí eile bunaithe ar bheinsimíodasóil |
| | Fungaicídí bunaithe ar imíodasóil agus ar thrí-asóil | |
| | | Fungaicídí conasóil |
| | | Fungaicídí imíodasóil |
| | | Fungaicídí eile bunaithe ar imíodasóil agus ar thrí-asóil |
| | Fungaicídí bunaithe ar mhorfóilíní | |
| | | Fungaicídí morfóilín |
| | | Fungaicídí eile bunaithe ar mhorfóilíní |
| | Fungaicídí de thionscnamh micribhitheolaíoch nó luibheolaíoch | |
| | | Fungaicídí micribhitheolaíocha |
| | | Fungaicídí luibheolaíocha |
| | | Fungaicídí eile de thionscnamh micribhitheolaíoch nó luibheolaíoch |
| | Baictéiricídí | |
| | | Baictéiricídí neamhorgánacha |

| | | |
|---|---|---|
| | | Baictéiricídí eile |
| | Fungaicídí agus baictéiricídí eile | |
| | | Fungaicídí nítrigine alafataí |
| | | Fungaicídí aimíde |
| | | Fungaicídí anailíde |
| | | Fungaicídí aramatacha |
| | | Fungaicídí décharbocsaimíde |
| | | Fungaicídí déníotranailín |
| | | Fungaicídí dénítrifeanóil |
| | | Fungaicídí orgánafosfair |
| | | Fungaicídí ocsasóil |
| | | Fungaicídí feinilpioróil |
| | | Fungaicídí tailimíde |
| | | Fungaicídí pirimidín |
| | | Fungaicídí cuineoilín |
| | | Fungaicídí cuineoin |
| | | Fungaicídí stróbalúracha |
| | | Fungaicídí úiré |
| | | Fungaicídí neamhaicmithe |
| Luibhicídí, gas-scriostóirí agus scriostóirí caonaigh | | |
| | Luibhicídí bunaithe ar fhíteahormóin fheanocsacha | |
| | | Luibhicídí feanocsacha |
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar fhíteahormóin fheanocsacha |
| | Luibhicídí bunaithe ar thrí-aisíní agus ar thrí-aisíonóin | |
| | | Luibhicídí trí-aisín |
| | | Luibhicídí trí-aisíonóin |
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar thrí-aisíní agus ar thrí-aisíonóin |
| | Luibhicídí bunaithe ar aimídí agus ar anailídí | |
| | | Luibhicídí aimíde |
| | | Luibhicídí anailíde |
| | | Luibhicídí clóraicéatanailíde |

| | | |
|---|---|---|
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar aimídí agus ar anailídí |
| | Luibhicídí bunaithe ar charbamáití agus ar bhios-carbamáití | |
| | | Luibhicídí bios-carbamáite |
| | | Luibhicídí carbamáite |
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar charbamáití agus ar bhios-carbamáití |
| | Luibhicídí bunaithe ar dhíorthaigh dhéníotranailín | |
| | | Luibhicídí déníotranailín |
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar dhíorthaigh dhéníotranailín |
| | Luibhicídí bunaithe ar dhíorthaigh úiré, úraicile nó shulfóiniolúiré | |
| | | Luibhicídí sulfóiniolúiré |
| | | Luibhicídí úraicile |
| | | Luibhicídí úiré |
| | | Luibhicídí eile bunaithe ar dhíorthaigh úiré, úraicile nó shulfóiniolúiré |
| | Luibhicídí eile | |
| | | Luibhicídí aralocsaifeanocsa-próipianacha |
| | | Luibhicídí beinseafúráin |
| | | Luibhicídí aigéid bheansóigh |
| | | Luibhicídí déphiridiliam |
| | | Luibhicídí cioglaiheacsáindé-óin |
| | | Luibhicídí dé-aisín |
| | | Luibhicídí décharbocsaimíde |
| | | Luibhicídí éitir défheinile |
| | | Luibhicídí imíodasóilíonóin |
| | | Luibhicídí neamhorgánacha |
| | | Luibhicídí iseacsasóil |
| | | Luibhicídí nítríle |
| | | Luibhicídí orgánafosfair |
| | | Luibhicídí feinilpiorasóil |
| | | Luibhicídí pireadaisíonóin |
| | | Luibhicídí piridíoncarbocsaimíde |

| | | |
|---|---|---|
| | | Luibhicídí aigéid phiridíoncarbocsailigh |
| | | Luibhicídí aigéid phiridiolocsaicéitigh |
| | | Luibhicídí cuineoilín |
| | | Luibhicídí tiaidé-aisín |
| | | Luibhicídí tiacarbamáite |
| | | Luibhicídí trí-asóil |
| | | Luibhicídí trí-asóilíonóin |
| | | Luibhicídí trí-asólóin |
| | | Luibhicídí trícheatóin |
| | | Luibhicídí neamhaicmithe |
| Feithidicídí agus acairicídí | | |
| | Feithidicídí bunaithe ar phireatróidí | |
| | | Feithidicídí pireatróide |
| | | Feithidicídí eile bunaithe ar phireatróidí |
| | Feithidicídí bunaithe ar hidreacarbóin chlóirínithe | |
| | | Feithidicídí dé-aimíde antrainilí |
| | | Feithidicídí eile bunaithe ar hidreacarbóin chlóirínithe |
| | Feithidicídí eile bunaithe ar charbamáití agus ar charbamáit ocsaíme | |
| | | Feithidicídí carbamáite ocsaíme |
| | | Feithidicídí carbamáite |
| | | Feithidicídí eile bunaithe ar bunaithe ar charbamáití agus ar charbamáit ocsaíme |
| | Feithidicídí bunaithe ar orgánafosfáití | |
| | | Feithidicídí orgánafosfair |
| | | Feithidicídí eile bunaithe ar orgánafosfáití |
| | Feithidicídí de thionscnamh micribhitheolaíoch nó luibheolaíoch | |
| | | Feithidicídí micribhitheolaíocha |
| | | Feithidicídí luibheolaíocha |
| | | Feithidicídí eile de thionscnamh micribhitheolaíoch nó luibheolaíoch |

| | | |
|---|---|---|
| | Acairicídí | |
| | | Acairicídí piorasóil |
| | | Acairicídí teatraisín |
| | | Acairicídí eile |
| | Feithidicídí eile | |
| | | Feithidicídí arna dtáirgeadh trí choipeadh |
| | | Feithidicídí beansóilúiré |
| | | Feithidicídí carbasáite |
| | | Feithidicídí diaisilhiodraisín |
| | | Rialaitheoirí fáis feithidí |
| | | Feithidicídí nítreaguainidín |
| | | Feithidicídí orgánastáin |
| | | Feithidicídí ocsáidé-aisín |
| | | Feithidicídí éitir feinile |
| | | Feithidicídí piorasóil (feinile) |
| | | Feithidicídí piridín |
| | | Feithidicídí piridilmeitiolaimín |
| | | Feithidicídí eistir suilfíte |
| | | Feithidicídí aigéid theatrónaigh |
| | | Fearamóin léipidipteire slabhra dhírigh (SCLPS) mealltóirí feithidí |
| | | Mealltóirí feithidí eile |
| | | Feithidicídí-acairicídí neamhaicmithe |
| Moiliscicídí | | |
| | Moiliscicídí | |
| | | Moiliscicídí |
| Rialaitheoirí fáis plandaí | | |
| | Rialaitheoirí fiseolaíocha fáis plandaí | |
| | | Rialaitheoirí fiseolaíocha fáis plandaí |
| | | Rialaitheoirí fiseolaíocha fáis plandaí eile |
| | Táirgí frithphéactha | |
| | | Táirgí frithphéactha |

| | | |
|---|---|---|
| | | Táirgí frithphéactha eile |
| | Rialaitheoirí fáis plandaí eile | |
| | | Rialaitheoirí fáis plandaí eile |
| Táirgí cosanta plandaí eile | | |
| | Olaí plandúla | |
| | | Olaí plandúla |
| | Steirileáin ithreach (lena n-áirítear néimeataicídí) | |
| | | Bróimíd mheitile |
| | | Néimeataicídí bitheolaíocha |
| | | Néimeataicídí orgánafosfair |
| | | Steirileáin ithreach eile |
| | Creimiricídí | |
| | | Creimiricídí |
| | Na táirgí cosanta plandaí eile uile | |
| | | Díghalráin |
| | | Éarthaigh |
| | | Táirgí cosanta plandaí eile |

(1) Tá feidhm aige freisin maidir le táirgí cosanta plandaí de thionscnamh micribhitheolaíoch nó luibheolaíoch, chun críoch comhchuibhithe.

*IARSCRÍBHINN III*

**TUAIRISCÍ**

Is táirge é **táirge cosanta plandaí** san fhoirm ina soláthraítear don úsáideoir é, arb éard atá ann substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh nó a bhfuil substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh ann, agus tá sé ceaptha le haghaidh ceann de na húsáidí a thuairiscítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

**Substaintí gníomhacha:** ciallaíonn sé sin substaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

**Cur ar an margadh:** ciallaíonn sé sin cur ar an margadh mar a shainmhínítear i bpointe 9 d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

**Barra:** ciallaíonn sé sin barra talmhaíochta, mar a thuairiscítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ([1]).

**Aicmiú substaintí gníomhacha a áirítear sna táirgí cosanta plandaí:** substaintí gníomhacha a chomhiomlánú de réir mórghrúpaí, catagóirí táirgí agus aicmí ceimiceacha.

**Bliain an fhómhair:** An bhliain féilire ina gcuirtear tús leis an bhfómhar, lena n-áirítear an tréimhse ina ndéantar na bearta ullmhúcháin uile (amhail saothrú, plandáil, agus úsáid leasachán agus táirgí cosanta plandaí) chun an fómhar sin a áirithiú, le linn na bliana féilire roimhe sin freisin.

---

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le staidreamh ar tháirgeadh barr (féach leathanach 40 den Iris Oifigiúil).